Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2025
(OR. en)

14906/1/25
REV 1
PV CONS 57
ENV 1153
CLIMA 499
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

4 Samhain 2025

**1. An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 14489/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 14602/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Leasú ar an Dlí Aeráide Eorpach** 14715/25
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán lena leasaítear an Dlí Aeráide Eorpach mar a leagtar amach in 14960/25 + COR 1 é. **Chuir an tSeicia, an Ungáir, an Pholainn agus an tSlóvaic in iúl nach raibh siad in ann tacú leis an gcur chuige ginearálta. Chuir an Bhulgáir in iúl go raibh sí ag staonadh ón gcur chuige ginearálta.**

Thíolaic an Ostair, an Ghearmáin, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, an tSlóvaic agus an Coimisiún ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

4. Aighneacht ón Aontas maidir le Rannchuidiú nuashonraithe arna Chinneadh go Náisiúnta (RCN), arna chur faoi bhráid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) 14716/25
*Formheas*

**<u>Aon ghnó eile</u>**

5. **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**An géarghá atá le Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú (RAEDF) a chur siar agus a shimpliú go substainteach** ❶C 14736/25
*Faisnéis ón Ostair*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil, chomh maith leis na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile.

---

❶ An chéad léamh

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'B' a leagtar amach in 14489/25**

**Aguisín 'B' mír 3:** **Leasú ar an Dlí Aeráide Eorpach**
*Cur chuige ginearálta*

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Tugann an Ostair dá haire an sprioc uaillmhianach a leagtar amach i nDlí Aeráide an Aontais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 90 % glan faoi 2040. Is léir go gcaithfear creat cumasúcháin láidir iontaofa a bhunú más uainn na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach, creat a chuirfidh deimhneacht dhlíthiúil ar fáil, lena gcosnófar bonn tionsclaíoch láidir Eorpach agus lena seachnófar sceitheadh carbóin.

Agus é á aithint aici nach féidir bailchríoch a chur ar na sonraí uile faoi leith faoi Dhlí Aeráide an Aontais mar atá sé faoi láthair, agus go dtabharfar aghaidh ar go leor gnéithe sna tograí reachtacha atá beartaithe, tá sé ríthábhachtach mar sin féin go leagfar síos creat soiléir intuartha dár bhfiontair, leis an Dlí Aeráide, ionas go bhféadfar aistriú go héifeachtach chuig todhchaí ísealcharbóin.

Is deis chun nuálaíochta agus chun fáis é an t-aistriú sin i dtreo na haeráidneodrachta. Caithfimid a bheith aireach, ag an am céanna, ar na rioscaí agus ar na dúshláin a ghabhann leis an aistriú sin. Le go mbeadh timpeallacht thacúil ann dár dtionscal, tá sé ríthábhachtach go gcuirfimis timpeallacht tharraingteach infheistíochta ar bun an athuair, timpeallacht a áiritheodh iomaíochas eacnamaíoch, fostaíocht agus cobhsaíocht shóisialta.

Sa chomhthéacs sin, tá na príomhghnéithe seo a leanas fíorthábhachtach i gcónaí don Ostair:

- **Céimniú amach níos moille ar leithdháileadh lamhháltas saor in aisce in CTA ó 2028 ar aghaidh:**
  - Leagann an Ostair béim ar a riachtanaí atá sé síneadh a chur le lamhháltais saor in aisce CO2 i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) ó 2034 ar aghaidh mar chomhlánú riachtanach ar chéimniú amach níos moille na lamhháltas saor in aisce a thosóidh in 2026.
  - Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach conair chéimniú amach na lamhháltas saor in aisce a chothromú ón mbliain 2028 ar aghaidh ionas nach mbeadh ualach míchuí ar thionscail le linn na hidirthréimhse.

- Ba cheart an dá rud sin a léiriú go leormhaith san athbhreithniú ar an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí agus sa Rialachán maidir le SCCT.
- Iarrann an Ostair ar an gCoimisiún Eorpach na tograí faoi seach a thíolacadh a luaithe is féidir.

- **Creidmheasanna Idirnáisiúnta Ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras:**
  - Tacaíonn an Ostair leis an togra maidir le húsáid creidmheasanna idirnáisiúnta a cheadú in CTA roimh 2036, faoi dhianchritéir chomhshaoil agus inbhuanaitheachta.
  - Ba cheart breathnú go cúramach, faoi chuimsiú measúnú tionchair, cibé an bhféadfaí deimhnithe idirnáisiúnta a áireamh, le féachaint chuige go mbeadh sé ag teacht leis na spriocanna foriomlána i dtaobh an dícharbónaithe. Ba cheart an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as na deimhnithe sin in CTA a scrúdú ar bhealach oscailte.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

‘Tacaíonn an Ghearmáin le laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí faoi 2040, mar a mhol an Coimisiún Eorpach, faoi réir trí choinníoll:

1. Caithfidh rannchuidiú na Gearmáine a bheith comhsheasmhach le sprioc aeráide náisiúnta na Gearmáine le haghaidh 2040. Tá sé tábhachtach go luafaí, thar aon rud eile, nár cheart go gcuirfeadh sprioc nua aeráide an Aontais do 2040 ceanglais ná oibleagáidí breise laghdúcháin ar na hearnálacha lena mbaineann sa Ghearmáin.

2. Go ndéanfar linnte buana a chomhtháthú i mbeartais an Aontais;

3. Go mbeidh rannchuidiú creidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta ionann is 3 phointe céatadáin ar a mhéad de sprioc eatramhach 2040.

Ní mór, ina theannta sin, cosaint éifeachtach ar sceitheadh carbóin a ráthú chun ár mbreisluach a choinneáil.

Bunaithe ar na coinníollacha sin, ní mór na tosaíochtaí seo a leanas a chur san áireamh agus pacáiste aeráide an Aontais 2040 atá beartaithe á leagan amach agus ag féachaint freisin do na Cruinnithe Tríthaobhacha atá ar na bacáin le Parlaimint na hEorpa:

Ar an gcéad dul síos, ba cheart do na deimhnithe idirnáisiúnta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras fónamh mar ‘líontán sábhála’, fad is a dhéanfar creat cosanta aeráide an Aontais a chalabrú i dtreo laghdú 90 %. An rogha sin maidir le leas a bhaint as deimhnithe idirnáisiúnta, ba cheart é a chur i bhfeidhm sna hearnálacha sin is mó a bhfuil sé ag dul rite leo na spriocanna atá acu a bhaint amach. Ba cheart CTA a chur san áireamh freisin sa chomhthéacs sin, cé nach gceadófar deimhnithe idirnáisiúnta a úsáid go díreach le haghaidh na comhlíontachta in CTA.

Ar an dara dul síos, ba cheart gur ag tagairt go díreach do sprioc eatramhach 2040 a bheifí sa luach tagartha i gcás ról teoranta creidmheasanna Airteagal 6. Tuigimid Airteagal 4(5)(a) de Dhlí Aeráide leasaithe an Aontais sa mhéid go bhféadfadh rannchuidiú teoranta a bheith ann, ag tosú ó 2036, i dtreo sprioc aeráide 2040 maidir le creidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras suas le 3 % de ghlanastaíochtaí 1990 faoi 2040.

Ar an tríú dul síos, maidir le comhtháthú buanastaíochtaí diúltacha in CTA, ní mór sin a dhéanamh – go pointe teoranta – ar bhealach a chaomhnóidh sláine an chórais agus a fhágfaidh nach mainneofar na laghduithe astaíochtaí is gá a bhaint amach dá dheasca. Ina theannta sin, ní mór inbhuanaitheacht buanastaíochtaí diúltacha a áirithiú.

Ar deireadh, de réir mheasúnú tionchair an Choimisiúin Eorpaigh ar sprioc aeráide 2040, tá coinne i gcónaí le hastaíochtaí ábhartha in earnálacha CTA in 2040. Is í an chiall a bhainimid as an gceathrú habairt d'Aithris 8a, go ndéanfar an fachtóir laghdaithe línigh in CTA AE a choigeartú ó 2036 ar aghaidh sa treo is go léireofar astaíochtaí iarmharacha in earnálacha ábhartha atá comhoiriúnach le laghdú 90 % ar astaíochtaí faoi 2040.

Ar an gcúigiú dul síos, ní mór an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a leagan amach sa chaoi is nach mbeidh maorlathas ag baint leis agus go bhfeidhmeoidh sé ar bhealach éifeachtúil. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dúinn na simplithe a comhaontaíodh cheana mar chuid den Phacáiste Omnibus. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún Eorpach tograí rialála a thíolacadh go pras ionas go ndéanfar coigeartú aonfhoirmeach ar fud an Aontais i gcomhréir leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir le honnmhairí táirgí a chumhdaítear leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha. Mura féidir cosaint éifeachtach ar sceitheadh carbóin a bhaint amach trí SCCT, ba cheart an t-iomaíochas i gcás tionscail atá dírithe ar onnmhairiú a rialáil i gcónaí ach lamháltais a leithdháileadh saor in aisce.

Ar deireadh, tacaíonn rialtas na Gearmáine leis an leathnú earnála le haghaidh cúiteamh ar phraghsanna leictreachais, a mhol an Coimisiún Eorpach.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Ní féidir leis an Ungáir tacú leis an sprioc glanastaíochtaí a laghdú 90 %, agus ní féidir linn, dá bhrí sin, tacú leis an gcur chuige ginearálta. Níl an leibhéal uaillmhéine sin comhoiriúnach leis an gcuspóir iomaíochas agus athléimneacht eacnamaíoch na hEorpa a neartú. In uireasa dálaí réalaíocha éifeachtacha cumasúcháin, tá an-bhaol go deo ann go ndéanfaidh cuideachtaí Eorpacha a dtáirgeadh agus a n-astaíochtaí a athlonnú lasmuigh den Aontas, rud a fhágfaidh go mbeimid thíos leis an díthionsclú agus le caillteanais post agus go méadóidh ár spleáchas ar ghníomhaithe seachtracha, agus, ag an am céanna, go mbainfear an bonn dona bhfuil á dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú.

Níl measúnú tionchair nuashonraithe mar bhonn taca leis an togra, measúnú a léireodh na mór-imeachtaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha a thit amach le déanaí. Níor cuireadh anailís ar bith ar leibhéal na mBallstát i láthair, rud a chiallaíonn nach eol fós na tionchair éagsúla ar na Ballstáit. Níl aon oidhre air, dá bhrí sin, ach glacadh an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ – ní mór geilleagar na hEorpa a chur in oiriúint do na bearta aeráide, agus ní hé a mhalairt.

Cé go dtacaímid le huaillmhianacht i leith na haeráide, impímid gur ar bhealach réalaíoch réasúnta a thabharfaí faoi agus ba chiallmhaire, dar linn, dá dtosófaí ó spriocleibhéal níos ísle, a léireodh cúrsaí eacnamaíochta mar atá siad i ndáiríre. Léirítear freisin, leis an méid atá bainte amach againn, a thiomanta atáimid don uaillmhianacht – d’éirigh leis an Ungáir laghdú 48 % ar astaíochtaí i gcomparáid le 1990 a bhaint amach cheana féin, rud atá go mór os cionn mheán an Aontais. Níl dul chun cinn inchomparáide déanta ag roinnt Ballstát, ar a shon sin, rud a tharraingíonn amhras ar gcaoi a fhéadfar an sprioc chomhchoiteann a bhaint amach ar bhealach cóir cothrom. Is fúinn uile cúram a dhéanamh dár gcuid saoránach. Ar an dóigh sin, iarraimid nár cheart na Ballstáit sin a tharraing aird na Comhairle, de dhroim a gcuid vótaí, ar a dhodhéanta is atá sé an sprioc 90 % a bhaint amach, nár cheart iadsan a bheith faoi dhliteanas nuair a theipfidh, i ndeireadh na dála, ar sprioc 2040 an Aontais. Ba cheart an t-aitheantas cuí a thabhairt, sa chreat atá beartaithe, don mhéid a baineadh amach luath sa phróiseas.

Thairis sin, i bhfianaise na mór-éiginnteachtaí in earnáil LULUCF agus i bhfianaise ráta glactha na n-aistrithe teicneolaíochta carbóin, ní iomchuí é gur ar bhonn toimhdí faoi linnte a bhunófaí sprioc cheangailteach maidir le glanlaghdú astaíochtaí.

Cé go dtugaimid ar aire feabhsuithe áirithe ar an téacs comhréitigh, go háirithe maidir leis an gclásal athbhreithniúcháin/athbhreithnithe, ní leor áfach, na hathruithe sin. Tá go leor ceisteanna gan réiteach i gcónaí maidir le modheolaíocht, cur chun feidhme agus stóinseacht an chreata.

Ina theannta sin, meastar go gcuirfidh bearta ar nós CTA2 an staid in olcas mar a bhfágfaidh sé gur mó an costas a chuirfear ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí beaga, gur baol go mbeidh frithfhreagairt shóisialta ann agus gur lú a thacóidh an pobal leis an mbeartas aeráide, fad is nach mbeidh laghduithe suntasacha ar astaíochtaí ann dá dhroim.

Ar deireadh, is oth linn gur faoi bhrú mór ama a rinneadh an chaibidlíocht maidir le comhad a bhfuil buntábhacht leis, agus nach iomchuí sin i gcás cinneadh a bhfuil an oiread sin de thábhacht straitéiseach fhadtéarmach ag roinnt leis. Tá cur chuige cothrom, fianaise-bhunaithe agus inchreidte de dhíth más uainn go mbeadh creat 2040 réalaíoch, inghlactha go sóisialta agus comhsheasmhach le cuspóirí iomaíochais na hEorpa.'

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

'Cé go dtacaíonn an Laitvia le téacs an Chur Chuige Ghinearálta maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach, ba mhaith léi béim a leagan ar na gnéithe seo a leanas, gnéithe a bheidh ríthábhachtach más uainn an t-aistriú chuig neodracht carbóin a chur chun feidhme go rathúil sa tír seo.

Beidh gá le measúnú tionchair mionsonraithe agus an creat reachtach a bheidh ann amach anseo á fhorbairt agus á chinneadh lena áirithiú go ndéanfar ualach na laghduithe astaíochtaí a chomhroinnt go cothrom agus go mbeidh sé in-fhorfheidhmithe i ngach Ballstát, i bhfianaise a staideanna socheacnamaíocha éagsúla, a struchtúir éagsúla astaíochtaí agus acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí gach earnála, go háirithe gnéithe LULUCF, lena n-áirítear cineál casta agus acmhainneacht ard astaíochtaí bunúsacha na n-ithreacha orgánacha, agus dúshláin gheopholaitiúla.

Tuigimid go soiléir gur cuid den phunann fuinnimh in-athnuaite i gcónaí é an bithfhuinneamh inbhuanaithe, gan ualaí ná srianta breise a chruthú maidir le húsáid an fhuinnimh sin, go háirithe maidir le hacmhainní a fhaightear laistigh den Aontas, áit a gcuirtear cur chuige inbhuanaithe i bhfeidhm maidir le bainistiú foraoisí.

Tuigimid gur sásra atá sa chlásal athbhreithnithe a chumhdaítear sa Dlí Aeráide Eorpach, sásra lena ndéantar athbhreithniú ar an sprioc fhoriomlán, má léiríonn sonraí go n-imíonn na fíor-éachtaí cur chun feidhme ón gconair inmhianaithe i dtaca le sprioc 2040.'

**RÁITEAS ÓN LIOTUÁIN**

'Tacaíonn an Liotuáin le glacadh an chur chuige ghinearálta maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach a leasú.

Mar sin féin, measann an Liotuáin go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh coinníollacha cumasúcháin agus solúbthachtaí leordhóthanacha i bhfeidhm chun sprioc aeráide 2040 a bhaint amach – lena n-áirítear tagairt shoiléir do bhearta de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocheacnamaíocha agus glacadh an phobail a áirithiú tar éis 2032, tráth dhul in éag an Chiste Aeráide Sóisialta – agus go mbeidh teicneolaíochtaí nuálacha inacmhainne ar fáil sna Ballstáit uile.

Thairis sin, leagann an Liotuáin béim ar an tábhacht a bhaineann le cuspóirí iomadúla in earnálacha na talmhaíochta agus na húsáide talún, agus é á thabhairt dá haire aici go bhfuil an acmhainneacht mhaolaithe agus an feiniméin nádúrtha a bhaineann leo teoranta. Is gá freisin comhleanúnachas a áirithiú idir slándáil bia an Aontais, iomaíochas na hearnála agus na cuspóirí aeráide atá thar a bheith uaillmhianach.

Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go n-áireofar sa phacáiste reachtach atá le cur i láthair in 2026, lena dtabharfar éifeacht do sprioc aeráide 2040 an Aontais, spriocanna maidir le gás ceaptha teasa a laghdú le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta agus úsáide talún, spriocanna a bhfuil ciall leo ó thaobh na heacnamaíochta de. Gan coimircí leordhóthanacha agus bearta tacaíochta éifeachtacha, go háirithe ionstraimí airgeadais, féadfaidh costais táirgthe, praghsanna bia agus rioscaí i ndáil leis an tslándáil bia bheith níos airde mar thoradh ar ghealltanais uaillmhianacha an Aontais i dtaca le gás ceaptha teasa.

Tá an riosca go mbeidh saobhadh ar phrionsabal na hiomaíochta córa in earnáil na talmhaíochta ag dul i méid a thuilleadh de bharr neamhionannas sna dálaí i measc fheirmeoirí an Aontais, i gcás nach ráthaítear cóineasú na tacaíochta dírí. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Liotuáin ar an gCoimisiún féachaint faoin dóigh is fearr chun teicneolaíochtaí agus bearta éifeachtacha a áirithiú le haghaidh forbairt talmhaíochta a bheidh iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe, agus rannchuidiú na hearnála le hiarrachtaí chun gás ceaptha teasa a laghdú agus deireadh a chur leis á bharrfheabhsú ag an am céanna trí úsáid talún inbhuanaithe agus athfhoraoisiú.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Tá Poblacht na Slóvaice tiomanta do na hiarrachtaí dícharbónaithe agus do chuspóir an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Tá a cuspóir dícharbónaithe do 2030 á chomhlíonadh cheana féin ag Poblacht na Slóvaice. Tá ár meascán fuinnimh saor ó astaíochtaí ó chuireamar deireadh de réir a chéile le húsáid guail. Agus aird á tabhairt ar iomaíochas thionscal na hEorpa, meastar dúinn gur níos réadúla, seachas níos déine, is ceart féachaint le cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a dhéanamh. Ní mór na cuspóirí fadtéarmacha maidir le dícharbónú a leagan síos ar an mbealach ceart, le húinéireacht láidir pholaitiúil agus creat stóinseach cumasúcháin. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an bpróiseas faoina ndéantar Sprioc Aeráide 2040 a shocrú. Tar éis do na Ballstáit achainí shoiléir a dhéanamh, Poblacht na Slóvaice ina measc, bhí plé polaitiúil ag an gComhairle Eorpach agus chuir sí treoir ar fáil i mí Dheireadh Fómhair 2025. Mar sin féin, níor thángthas ar chomhaontú nithiúil maidir le Sprioc Aeráide 2040, rud a léiríonn a chasta is atá sí mar cheist.

Measann Poblacht na Slóvaice go bhfuil an spriocleibhéal 90 % atá beartaithe ró-uaillmhianach. I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, an mheatha ar linnte carbóin nádúrtha, agus luas an dul chun cinn theicneolaíoch, is ábhar imní dlisteanach é a indéanta atá sé an spriocleibhéal sin a bhaint amach. Mar gheall air sin, ní féidir le Poblacht na Slóvaice aontú leis an gCur Chuige Ginearálta maidir leis an Dlí Aeráide Eorpach.

Ní mór prionsabal na neodrachta teicneolaíche a choinneáil agus a léiriú i ngach togra reachtach agus neamhreachtach atá ar na bacáin. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2025, iarraimid go bhféachfaí leis an dícharbónú tionsclaíoch a bhaint amach ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Is ábhar imní é Clár Oibre 2026 an Choimisiúin a foilsíodh le déanaí, i ndáil leis an méid sin, ó tharla nach n-áirítear ann ach creat nua fuinnimh in-athnuaite. Cé go dtacaímid go hiomlán leis an uaillmhian dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, ní mheasann Poblacht na Slóvaice gur gá leanúint, ó 2030 ar aghaidh, leis na creataí a leagtar amach sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, ná ní mheastar di go bhfuil siad i gcomhréir leis an bhfoclaíocht atá beartaithe in Airteagal 4(5) den Dlí Aeráide Eorpach athbhreithnithe. Creideann Poblacht na Slóvaice gur cheart creat iar-2030 a leagan amach ar bhealach a léiríonn cur chuige cothrom cuimsitheach i leith an dícharbónaithe lena dtacaítear le húsáid na réiteach saor ó charbón agus ísealcharbóin uile gan srian a chur ar cheart na mBallstát a meascán fuinnimh féin a roghnú.

Tacaíonn Poblacht na Slóvaice leis an tsolúbthacht fheabhsaithe laistigh de na hearnálacha sin agus de na hionstraimí sin a mholtar in Airteagal 4(5) c), agus tharstu. Tuigtear dúinn go bhféadfadh cead a bheith ag na Ballstáit imeacht ó chuid de na fospriocanna (e.g. spriocanna maidir le Fuinneamh In-athnuaite nó Éifeachtúlacht Fuinnimh), ar choinníoll go gcomhlíontar a spriocanna foriomlána dícharbónaithe. Leis an gcur chuige sin, tacaítear le bealach níos saincheaptha agus níos costéifeachtaí i dtreo na haeráidneodrachta, lena léirítear cearta na mBallstát a chumhdaítear sna Conarthaí, agus lena léirítear freisin sainiúlachtaí náisiúnta agus acmhainneachtaí náisiúnta.

Meastar do Phoblacht na Slóvaice gur comhréiteach arna chothromú go cúramach idir an dlúthpháirtíocht agus an chostéifeachtúlacht é an creat reachtach atá ann faoi láthair. Áirithítear leis, cé go rannchuidíonn siad uile leis an uaillmhian choiteann aeráide, go bhfuil iarrachtaí na mBallstát comhréireach lena n-acmhainneacht eacnamaíoch féin. Sa chreat iar-2030, ní mór a aithint nár tháinig athrú ar na dálaí bunúsacha, a thug údar leis an gcothromaíocht reatha idir na prionsabail thuasluaite. Tá éagothromaíochtaí móra eacnamaíocha i gcónaí idir na Ballstáit, agus tá difríochtaí móra eatarthu i gcónaí freisin a mhéid a bhaineann le déine fuinnimh, acmhainneacht theicneolaíoch agus rochtain ar mhaoiniú. I gcás tíortha a bhfuil OTI níos ísle acu, tá costais choibhneasta an aistrithe fuinnimh i bhfad níos airde i gcónaí. Sa chomhthéacs sin, ní mór iarrachtaí na mBallstát a bhunú ar OTI per capita agus ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta, ionas nach n-aistreofar ualach an aistrithe chuig na Ballstáit sin a bhfuil ioncam níos ísle acu agus a bhfuil acmhainneachtaí fioscacha agus infheistíochta níos teoranta acu. Tá an baol ann, le leithdháileadh díréireach iarrachtaí, go méadófar leibhéal na bochtaineachta fuinnimh agus go laghdófar an t-iomaíochas, go háirithe i réigiúin atá ag brath ar earnálacha tionsclaíocha traidisiúnta.

Is cuid ríthábhachtach dár n-iarrachtaí dícharbónaithe i gcónaí iad na linnte nádúrtha. Mar sin féin, bíonn rannchuidiú linnte nádúrtha ag brath ar ghnéithe éagsúla nach féidir leis na Ballstáit tionchar a imirt orthu, mar shampla tionchair an athraithe aeráide agus tionchair suaití nádúrtha. Ina theannta sin, tá a gcúinsí náisiúnta féin ag gach Ballstát a dhéanann difear don fhéidearthacht atá ann maidir le linnte nádúrtha, mar shampla struchtúr aoise foraoisí agus a riachtanaí atá sé na foraoisí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Cuireann Poblacht na Slóvaice chun suntais go gcaithfear sineirgí leis an mbithéagsúlacht a chur san áireamh agus a áirithiú nach mbeidh ár n-iarrachtaí dícharbónaithe ag teacht salach go díreach ar chuspóirí an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra agus é mar aidhm againn ár mbithéagsúlacht a athbhunú agus a chaomhnú.

Tá sé chomh tábhachtach céanna i gcónaí an t-aistriú a mhaoiniú. Sa chreat iar-2030, neartóidh an Coimisiún ionstraimí airgeadais atá faoi chuimsiú an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil agus atá lasmuigh de, lena n-áirítear leanúint den Chiste don Nuachóiriú, den Chiste don Nuálaíocht, den Chiste um Aistriú Cóir agus den Chiste Aeráide Sóisialta.

Is ábhar imní i gcónaí do Phoblacht na Slóvaice an Córas Trádála Astaíochtaí nua le haghaidh foirgneamh, iompar de bhóthar agus earnálacha breise (CTA2). Is mó i bhfad tionchair shóisialta an chórais nua ná na buntáistí comhshaoil a ghabhann leis, ar suarach iad suas leo. Leis an Rún ó Chomhairle Náisiúnta Phoblacht na Slóvaice an 28 Deireadh Fómhair 2025, moltar don Choimisiún athbhreithniú ar chóras CTA2 a thíolacadh d'fhonn a éifeachtaí cúlchéimnitheacha a laghdú. Thairis sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) – lena gceanglaítear go gcuirfear san áireamh i ngníomhaíocht chomhshaoil an Aontais éagsúlacht na gcásanna ar fud na mBallstát agus go n-áiritheofar nach mbeidh ualach rómhór ag baint le bearta – tá Poblacht na Slóvaice go láidir i gcoinne an córas a sheoladh in 2027.

Iarrann Poblacht na Slóvaice ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh go pras ar na Rialacháin maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO2 le haghaidh gluaisteán, veaineanna agus feithiclí tromshaothair. Tá gá le cur chuige níos solúbtha, níos neodraí ó thaobh na teicneolaíochta de agus níos pragmataí chun laghduithe iarbhír ar astaíochtaí a bhaint amach, chun an t-iomaíochas a chosaint, agus chun comhtháthú sóisialta a chaomhnú. Ós rud é nach léiríonn na spriocanna reatha prionsabal na neodrachta teicneolaíche go hiomlán, iarrann Poblacht na Slóvaice ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar ról na mbreoslaí saor ó charbón agus ísealcharbóin san aistriú chuig iompar de bhóthar atá saor ó astaíochtaí ó 2030 ar aghaidh, lena n-áirítear ríomhbhreoslaí agus bithbhreoslaí inbhuanaithe, i.e. trí fhachtóir ceartúcháin carbóin a thabhairt isteach. An tráth céanna, is measartha i gcónaí é glacadh feithiclí ceallra-leictreacha i roinnt mhaith Ballstát, rud a fhágann go bhféadfadh dúshláin a bheith roimh mhonaróirí gluaisteán maidir leis na spriocanna atá leagtha síos a bhaint amach agus go mbeadh baol pionóis ann ar deireadh. Dá bhrí sin, iarrann Poblacht na Slóvaice ar an gCoimisiún sásra meán-chomhlíontachta a thíolacadh freisin i gcás spriocanna 2030 agus 2035.'

**RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN**

Ráiteas 1

'Agus na **Measúnuithe Tionchair á n-ullmhú ag an gCoimisiún le haghaidh an chreata beartais aeráide tar éis 2030, agus go háirithe aon sprioc agus iarracht tar éis 2030** le haghaidh na mBallstát, leanfaidh sé an creat um Rialáil Níos Fearr agus an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Go sonrach, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leibhéal sonraí a sholáthar atá ag teacht leis an leibhéal sonraí atá sna Measúnuithe Tionchair le haghaidh an phacáiste 'Oiriúnach do 55', agus tá sé réidh le malartú tráthúil a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le modheolaíochtaí agus ionchuir chainníochtúla chun tacú leo a n-anailísí tírshonracha féin a dhéanamh.

Agus na spriocanna agus na hiarrachtaí sin á n-ullmhú ag an gCoimisiún, tá sé beartaithe aige freisin **an chostéifeachtúlacht agus an dlúthpháirtíocht araon** a léiriú go hiomchuí, ionas go mbeidh na comhreachtóirí in ann na prionsabail sin a phlé agus an chothromaíocht cheart a bhaint amach eatarthu agus na spriocanna á gcomhaontú acu.'

Ráiteas 2

'Mar a luaitear sa litir ón Uachtarán von der Leyen chuig an gComhairle Eorpach, ba cheart CTA2 a thabhairt isteach de réir a chéile agus go rianúil. Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige athbhreithniú a mholadh ar ghnéithe bunúsacha de chreat cur chun feidhme CTA2 chun teacht i bhfeidhm CTA2 a dhéanamh níos réidhe, i gcomhréir leis an treoraíocht i mír 47 de chonclúidí EUCO. Glacfar na tograí ábhartha i mbliana fós agus tabharfar aghaidh leo ar ábhair imní maidir le praghsanna ró-ard nó praghsanna luaineacha, áiritheofar leo tús ordúil an mhargaidh agus conair intuartha praghsanna trí chóras cobhsaithe praghsanna níos láidre.

Molfaidh an Coimisiún córas cobhsaithe praghsanna níos láidre, go háirithe trí ról Chúlchiste Cobhsaíochta Margaidh CTA2 a fheabhsú a thuilleadh, agus tá sé ag féachaint freisin ar an bhféidearthacht atá ann do na Ballstáit tús áite a thabhairt d'ioncam CTA2, i gcomhar le BEI, chun tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam a mbillí téimh nó soghluaisteachta a laghdú go luath. Thairis sin, leis an ioncam a ghintear trí phraghsáil carbóin, a chuirtear ar fáil tríd an gCiste Aeráide Sóisialta, cuideofar le ceithre réimse shoiléire: bochtaineacht fuinnimh agus iompair a shárú, teicneolaíocht ghlan de dhéantús an Aontais a chur in úsáid, ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus ár spriocanna aeráide a bhaint amach.

Ní mór an t-aistriú a bheith cóir agus cothrom, arb aistriú é trína gcosnaítear teaghlaigh an-leochaileach, cuideachtaí beaga agus na réigiúin is mó atá neamhchosanta ar athruithe struchtúracha agus trína dtugtar tacaíocht dóibh.'

---